



2025/1529

31.7.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1529 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Iúil 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarraidh ón bhFionlainn gan an ceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an Bonnline ETCS is déanaí a úsáid sna suiteálacha taobh riain a chur i bhfeidhm

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 5123)

(Is iad na téacsanna Fionlainnise agus Sualainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 6 Meitheamh 2024, chuir an Fhionlainn iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar neamhchur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún ⁽²⁾ maidir leis an rian píolótach EKA go dtí 2035 ('an iarraidh'). Cuireadh an iarraidh sin isteach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797.
- (2) Faoi phointe 7.2.4.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695, maidir le fochóras um rialú agus ceannas agus um comharthaíocht taobh riain, ní mór dó an tSonraíocht Theicniúil maidir le hidir-inoibritheacht atá i bhfeidhm tráth na hiarrata ar údarú chun an bonneagar a chur i mbun seirbhíse a chur i bhfeidhm. Éilítear leis sin suiteáil an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha ('ETCS') a chomhlíonann sonraíochtaí Bhonnline 4 ar rian píolótach EKA.
- (3) Is éard atá i gceist leis an tionscadal dá dtagraítear san iarraidh fochóras um rialú agus ceannas agus um comharthaíocht taobh riain a shuiteáil de réir shonraíochtaí leagan 2.1 de chóras Bhonnline 3 maidir leis an limistéar i gcodanna Lielähti-Suuro-Kokemäki-Pori/Rauma ja Pori/Mäntyluoto/Tahkoluoto de rian píolótach ETCS EKA. Is éard atá sa stráice sin thart ar 190 ciliméadar de líne rian aonair agus 18 stáisiún ('tionscadal an riain phíolótaigh EKA').
- (4) De réir na ndoiciméad a chuir an Fhionlainn isteach, dá gcomhlíonfaí pointe 7.2.4.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún, bheadh costas breise EUR 16,3 milliún ar a laghad i gceist. Is amhlaidh atá toisc go mbeadh gá le leasú ar an gconradh sínithe agus le hathdhearadh an réitigh theicniúil atá le cur chun feidhme chun Bonnline ETCS is déanaí a chur chun feidhme. Chuirfeadh sé sin moill dhá bhliain go leith ar chur chun feidhme an tionscadail mar gheall ar an ngá atá le fógra a thabhairt sa chlár bonneagair (RINF) ⁽³⁾ 5 bliana roimh an athrú ar na feidhmiúlachtaí ETCS is gá ó fheithiclí atá i gcúrsaíocht ar an líne sin ⁽⁴⁾. D'fhéadfadh caillteanas cóchistithe faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne a bheith mar thoradh ar mhoill a chur ar chur chun feidhme an tionscadail.

⁽¹⁾ IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um comharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán ((AE) 2016/919, (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis na sonraíochtaí coiteanna le haghaidh chlár an bhonneagair iarnróid arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1694 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/777/2023-09-28).

⁽⁴⁾ Mar a cheanglaítear le pointe 7.2.9 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695.

- (5) Mar fhoráil mhalartach, molann an Fhionlainn Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ a chur i bhfeidhm le gach leasú ina dhiaidh sin, rud a chiallaíonn nach gá ach Bonnline 3 ETCS a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe ag an bhFionlainn leagan 2.1 de chóras Bhonnline 3 ETCS a shuiteáil. Amach anseo, geallann an Fhionlainn ETCS a shuiteáil de réir Bhonnline 4 faoi 2035, faoi réir anailís ar inmhharthanacht eacnamaíoch nua a thacóidh leis an gcéim sin.
- (6) Tá gealltanas tugtha ag an bhFionlainn measúnú a dhéanamh ar inmhharthanacht eacnamaíoch uasghrádú ETCS taobh riain go Bonnline 4 ar thionscadal an riain phíolótaigh EKA in 2030 ar a dhéanaí, lena n-áirítear an fhéidearthacht an caighdeán raidió amach anseo don Chóras Todhchaíochta um Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid a thabhairt isteach ar an líne sin. Ba cheart don Fhionlainn an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thoradh na hanailíse ar inmhharthanacht eacnamaíoch in 2030 agus ar bhonn débhlantúil ag deireadh 2032 agus 2034 faoin dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Bhonnline 4 ETCS ar an líne sin, ar choinníoll go ndearnadh cinneadh ina leith.
- (7) Bunaithe ar an údar leis an iarraidh a chuir an Fhionlainn ar fáil agus ar na forálacha malartacha atá beartaithe, is féidir a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (c), agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta i ndáil leis tionscadal an riain phíolótaigh EKA a bhfuil cur síos air anseo. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar leis an iarraidh ón bhFionlainn maidir le neamhchur i bhfeidhm phointe 7.2.4.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 a ghabhann le tionscadal an riain píolótaigh EKA ar an gcoinníoll go gcuirfear na bearta malartacha arna moladh ag an bhFionlainn i bhfeidhm agus go ndéanfar athmheasúnú in 2030 ar inmhharthanacht eacnamaíoch Bhonnline 4 ETCS a shuiteáil ar an rian píolótach EKA amach anseo.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Fionlainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2035.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún an 9 Márta 2020 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/420 ón gCoimisiún an 16 Márta 2020 (ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/919/2020-03-11>).